



## Ráiteas um Chosaint Leanaí

(Ullmhaithe i gcomhréir le roinn 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015)

### 1. Ainm na Seirbhíse

An Garda Síochána

### 2. Nádúr na seirbhísí & prionsabail maidir le leanaí a chosaint ó dhíobháil

Tá sé foráilte i Roinn 7 d'Acht an Gharda Síochána 2005:

- (1) Gurb í feidhm an Gharda Síochána ná chun póilíneacht agus slándáil a sholáthar, lena n-áirítear grinnfhiosrúchán, seirbhísí don Stáit a bhfuil mar chuspóir acu—
- an tsíocháin agus an t-ord poiblí a chaomhnú,
  - beatha agus maoin a chosaint,
  - cearta gach duine a chosaint,
  - slándáil an Stáit a chosaint,
  - coireacht a chosaint,
  - an dlí a chur ar choirpigh, lena n-áirítear coireacht a bhrath agus a imscrúdú, agus
  - trácht ar bhóithre a rialú agus a smachtú agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú.
- (2) Chun an cuspóir a thagraítear dó i fo-alt (1) a bhaint amach, déanfaidh an Garda Síochána comhoibriú, de réir mar is cuí, le Ranna eile den Stáit, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí, atá freagrach de réir dlí, as aon ábhar bainteach le haon ghné den chuspóir sin.

Tá freagracht agus dualgas cúraim ar phearsanra fostaithe ag an nGarda Síochána chun deimhniú go bhfuil gach leanbh ag fáil na seirbhíse sábháilte agus cosanta ó dhíobháil mar atá leagtha amach ins an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Cloíonn an Garda Síochána de réir a nádúr bunúsach le reachtaíocht chun an baol do leanaí a mhaolú. Tá sé seo mar bhunús sna doiciméid beartais agus teorúcháin san eagraíocht. Baineann na polasaithe agus nósanna imeachta imlínte sa Ráiteas um Chosaint Leanaí seo leis an bpearsanra ar fad fostaithe ag an nGarda Síochána, d'fhonn a chinntiú go soláthraítear an leibhéal is airde cosaint leanaí.

**Tá an Garda Síochána tiomanta i leith leanaí a chosaint & ar na críocha seo tógann sé san áireamh fóralacha ábhartha de chuid Reachtaíocht na hÉireann agus fóralacha reachtaíochta ábhartha.**

### 3. Measúnú Baoil

Tá measúnú baoil cuimsitheach curtha ar bun, d'fhonn baoil ionchasacha a aithint a d'fhéadfadh teacht aníos do leanaí agus iad ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána, mar bhunús an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo.

Baol Aitheanta	Nós Imeachta in Ionad chun an Baol Aitheanta a Bhainistiú
1 <b>Baol Díobhála do Leanaí a bhíonn ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána agus iad i mbun a ndualgas.</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>Cód Eitice don Gharda Síochána</li><li>Athbhreithnithe déanta ag an Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána</li><li>Reachtaíocht, polasaithe, prótacail, nósanna imeachta agus doiciméid theorúcháin maidir le tuairisciú, fógraí, agallaimh agus imscrúduithe atá imlínte go mionsonrach ins an measúnú baoil iomlán a choimeádar ag an Aonad Náisiúnta um Chosaint Leanaí de chuid an Biúro Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta.</li><li>Oiliúint ábhartha soláthartha d'Oifigigh Idirchaidreamh don Óige (JLOs)</li></ul>
2 <b>Baol Díobhála do Leanaí i gcúram/coimirce an Gharda Síochána ó dhaoine eile ag úsáid Seirbhís na nGardaí.</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>Chomh fada agus is féidir coimeádar leanaí scartha ó dhaoine eile fad is atá siad i stáisiún an Gharda Síochána, chun baol díobhála a sheachaint.</li><li>Na Rialacháin faoin Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear ar Dhaoine faoi Choimeád i Stáisiún an Gharda Síochána) 1987 agus 2006.</li><li>Ag teafadadh Nósanna Imeachta &amp; Treoracha i leith Leanaí i gcúram an Gharda Síochána</li></ul>
3 <b>Baol Díobhála do Leanaí ag glacadh páirt i gCláracha Óige eagraithe ag an nGarda Síochána</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>Oiliúint i Tús Áite do Leanaí le haghaidh gach Oifigeach Idirchaidreamh don Óige &amp; Gardaí an Phobail</li><li>Reachtaíocht, polasaithe, prótacail, nósanna imeachta agus doiciméid theorúcháin maidir le tuairisciú, fógraí, agallaimh agus imscrúduithe.</li></ul>
4 <b>Díobháil do leanbh neamhahaitheanta nó tuairiscithe ag pearsanra laistigh den Gharda Síochána, nó freagra míchuí i leith mí-úsáid.</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>Tá roinnt doiciméid eolais tugtha do phearsanra laistigh den Gharda Síochána maidir le Tús Áite do Leanaí.</li><li>Tá Oiliúint i Tús Áite do Leanaí éigeantach do gach ball den Gharda Síochána le linn Oiliúint Promhoirí nó trí oiliúint soláthartha trí Fhorbairt Ghairmiúil Leantach.</li><li>"Seoladh Isteach do Tús Áite do Leanaí" – oiliúint éigeantach ar ríomhfhoghlaim do gach ball den Gharda Síochána.</li></ul>

### 4. Nósanna Imeachta

Fobraíodh an Ráiteas um Chosaint Leanaí de chuid an Gharda Síochána i gcomhréir le riachtanais faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 & Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint & Leas Leanaí (2017). Maraon leis na nósanna imeachta atá in ionad chun baol a bhainistiú, mar atá sonraithe thuas, tacaíonn na nósanna imeachta seo leanaí a chosaint leanaí a bhíonn i dteagmháil leis an nGarda Síochána:

- Tá gach ball den Gharda Síochána faoi réir imscrúdú ag leanúint líomhaintí i leith mí-úsáid leanaí i gcomhréir leis an Dlí Choiriúil, Acht an Gharda Síochána 2005 agus Rialacháin an Gharda Síochána (Disciplín) 2007.
- Tá gach ball den Gharda Síochána faoi réir ghrinnfhiosrúcháin ar an iarratas tosaigh & coinne. Anuas ar sin, tá pearsanra fostaithe in obair speisialtóra le leanaí faoi réir ag tuilleadh measúnú oiriúnachta.
- Soláthraítear oiliúint i Tús Áite do Leanaí do gach ball den Gharda Síochána le linn Oiliúint Promhoirí nó trí Fhorbairt Ghairmiúil Leantach.
- Tuairisceófar gach údar imní maidir le cosaint & leas leanaí a bhfuil eolas ag an nGarda Síochána fúthu le Tusla i gcomhréir leis an Comhphrótacal Oibre d'Idirchaidreamh idir an Garda Síochána/ Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach.
- Is daoine faoi shainordú iad gach ball den Gharda Síochána. Is daoine faoi shainordú iad gach ball foirne sibhialtach fostaithe ag na Gardaí mar dhochtúirí cláraithe, altraí, síceolaithe, & múinteoirí.
- Is é an duine ábhartha freagrach as cuspóirí an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 ná an Ceannfort Bleachtaracha, Biúro Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (Aonad Náisiúnta um Chosaint Leanaí).

### 5. Cur i bhFeidhm

Tá an Garda Síochána tiomanta do chur i bhfeidhm an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo agus na nósanna imeachta atá in ionad chun tacú leis an tiomantas maidir le leanaí a chosaint ó dhíobháil. Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí roimh 10<sup>ú</sup> Márta 2020, nó a luaithe agus is féidir tar éis athrú ábhartha maidir le hábhar ar bith lena mbaineann an ráiteas.

Coimisinéir an Gharda Síochána

Déan teagmháil le do thoil leis an 'Duine Ábhartha' chun críocha an tAcht um Thús Áite 2015 do Leanaí maidir le haon cheisteanna:  
**Ceannfort Bleachtaracha, Biúro Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (An tAonad Náisiúnta um Chosaint Leanaí)**